An Coimisinéir Teanga

Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021

Alt 10A. Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí

Leasaithe ar an 15ú Samhain 2023

Réamhrá agus Comhthéacs

- Cuireann Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, a achtaíodh i mí na Nollag 2021, le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Tá sraith forálacha nua ann a chuirfidh le cearta teanga cainteoirí Gaeilge.

- I measc fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, tá dualgas reachtúil nua ar chomhlachtaí poiblí maidir le fógraíocht, cumarsáid ghinearálta agus cumarsáid tráchtála a dhéantar leis an bpobal.

Réamhrá agus Comhthéacs

- Leagann alt 10A. (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) den Acht dualgais ar chomhlachtaí poiblí maidir leis an gcaoi a ndéanann siad fógraíocht i dteangacha oifigiúla an Stáit.
- Is meán cumarsáide ríthábhachtach é earnáil na fógraíochta agus dá réir meastar go mbainfidh tábhacht mhór leis an bhforáil nua.
- Thainig na forálacha in alt 10A., mar atá sainithe thíos, i bhfeidhm ar an 10 Deireadh Fómhair, 2022.

Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021. Alt 10A.

Fógraíocht agus Comhlachtaí Poiblí -

(1) Cinnteoidh comhlacht poiblí—

(a) gur i nGaeilge a bheidh 20 faoin gcéad ar a laghad d'aon fhógraíocht arna déanamh ag an gcomhlacht in aon bhliain, agus

(b) go ndéanfar 5 faoin gcéad ar a laghad d'aon airgead a chaithfidh an comhlacht ar fhógraíocht in aon bhliain a úsáid chun fógraíocht a dhéanamh i nGaeilge trí na meáin Ghaeilge.

(2) San alt seo— ciallaíonn ‘fógraíocht’—

(a) cumarsáid tráchtála d’aon chineál a bhfuil d’aidhm léi, nó a bhfuil d’éifeacht léi, go díreach nó go neamhdhíreach, táirge nó seirbhís de chuid an chomhlachta phoiblí lena mbaineann a chur chun cinn, agus

(b) cumarsáid d’aon chineál leis an bpobal, i leith na nithe seo a leanas—

(i) foireann a earcú,

(ii) tionscnaimh reachtaíochta nó bheartais,

(iii) talamh nó sócmhainní a cheannach nó a dhíol,

(iv) seirbhísí a sholáthar, nó

(v) comhchomhairliúchán poiblí;

Meáin Ghaeilge

Ciallaíonn “meáin Ghaeilge” aon mheáin ina bhfuil
50 faoin gcéad nó níos mó d’ábhar na meán sin
trí mheán na Gaeilge.

Fógraíocht (Alt 10A.) - sainmhínithe

Maidir le cur i bhfeidhm agus faireachán a dhéanamh ar alt 10A., tá na sainmhínithe seo i gceist:

- "Fógraíocht Íoctha" agus fógraíocht ar bith a n-íoctar as. Ceannaítear i gcónaí ón tríú páirtí é amhail cainéal teilifíse, stáisiún raidió, nuachtán agus araile.

- "Fógraíocht faoi Úinéireacht" agus fógraíocht a chuireann comhlachtaí poiblí ar a suíomhanna gréasáin agus ar a gcainéil mheán sóisialta féin.

Tagann "Fógraíocht Íoctha" agus "Fógraíocht faoi Úinéireacht" araon faoi scáth na forála nua seo.

Fógraíocht ar lean

Ní mór do chomhlachtaí poiblí féachaint chuige:

- go mbeidh **20%** ar a laghad d'fhógraíocht ar bith a cheannaíonn comhlachtaí poiblí in aon bhliain faoi leith i nGaeilge.

- Ní mór **5%** ar a laghad de chaiteachas bliantúil fógraíochta gach comhlachta poiblí a chaitheamh ar fhógraíocht Ghaeilge ar na meáin Ghaeilge.

- Meáin Ghaeilge = **50% nó níos mó** d'ábhar meáin trí Ghaeilge.

Céard a chuimsítear sna forálacha seo?

Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí sna comhthéacsanna seo a leanas:

- Teilifís/Físeáin ar Éileamh/Pictiúrlann
- Raidió
- Preas
- Fógraíocht Lasmuigh
- Taispeáint dhigiteach (Níl comharthaí tráchta VMS i gceist)
- Fógraíocht Dhigiteach Shaincheaptha / Ailt Fógraíochta
- Ábhar Digiteach Íoctha
- Fógra (seachas ábhar) a ritear ar chainéil faoi úinéireacht

  m.sh., fógra earcaíochta ar shuíomh gréasáin comhlachta poiblí - 2(b)(i)

Céard nach gcuimsítear sna forálacha seo?

Ábhar seachas fógraíocht:

- Ábhar Digiteach a ritear ar mheáin an chomhlachta amháin
- Eisiúintí Preasa
- Bróisiúir
- Nuachtlitreacha
- Irisleabhair inmheánacha
- Blaganna
- Fógraíocht Cuardaigh Íoctha
- Ábhar a ndéantar comhroinnt air
- Postálacha agus Athphostálacha (ábhar seachas fógraí)
- Léirmheasanna
- Tionchairí

Cur Chuige Inmholta

- Ba cheart cothroime a thabhairt do gach ceann de na teangacha oifigiúla ar na meáin uile, m.sh. faid chóipeanna comhchosúla don teilifís agus don raidió, méideanna comhchosúla le haghaidh cló agus do na meáin shóisialta.

- Ar mhaithe le cothroime a thabhairt do gach ceann de na teangacha oifigiúla ní mholtar dúbáil nó fotheidil (seachas grafaicí) a dhéanamh ar fhógraíocht teilifís nó ar Físeáin ar Éileamh (VOD).

- Is ceart fógraí i nGaeilge amháin a dhéanamh ar na meáin Ghaeilge.

Cur Chuige Inmholta (ar lean)

- Is ionann “meán Gaeilge” agus aon mheáin ina bhfuil 50 faoin gcéad nó níos mó d’ábhar na meán sin trí mheán na Gaeilge.
- Tá an fhreagracht ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go ndéantar 20% d’fhógraíocht bhliantúil an chomhlachta trí Ghaeilge.
- Is ar chomhlachtaí poiblí atá an fhreagracht a chinntiú go gcaitear 5% dá mbuiséad ginearálta fógraíochta ar fhógraíocht i nGaeilge, ar na meáin Ghaeilge.
- Féadfar iomlán an chaiteachais, seachas caiteachas gach catagóire meán ainmnithe, a úsáid chun críocha an iniúchta. Ní dhéanfar costas léiriúcháin a mheas chun críocha iniúchta.

Tomhas

- Chuaigh OCT i gcomhairle go forleathan le go leor Comhlachtaí Poiblí chomh maith le páirtithe leasmhara earnálach, lena n-áirítear IAPI (Institiúid na gCleachtóirí Fógraíochta in Éirinn) agus a comhaltaí gníomhaireachta meán.

- Ciallaíonn “20 faoin gcéad ar a laghad d’aon fhógraíocht arna déanamh” (10A. 1 (a)), 20% de “Fógraíocht Íoctha” agus “Fógraíocht faoi Úinéireacht” mar atá sainmhínithe thuas.

- Maidir le comhlachtaí poiblí a dhéanann fógraíocht trí ghníomhaireachtaí ceannaithe meán tríú páirtí beidh córais chaighdeánacha tomhais thionscail, m.sh. scóir féachana theilifíse, i gceist.

Tomhas (ar lean)

- Agus na treoirlínte a leanas, ar shleamhnáin uimh. 16 agus 17 - beidh an dualgas ar an gcomhlacht poiblí a léiriú gur chomhlíon sé an dualgas 20%. Ní gá an dualgas 20% a chur i bhfeidhm i ngach feachtas fograíochta ar leith. Caithfidh sé a bheith 20% “sa iomlán” ag deireadh na bliana tuairiscithe.
- Chun an sprioc 20% a bhaint amach d’fheachtais, d’fhéadfadh roinnt comhlachtaí treoracha rothlú cóipe 1/5 cóip a thabhairt do na meáin chumarsáide, i.e., treoir lena chinntiú gur leagan Gaeilge gach 5ú fógra. Glacfar leis an “tsamhail rothlaithe” seo mar léiriú ar chomhlíontacht.

Méadrachtaí Tomhais (1)

Tomhas 20%	Tomhas	Cur Síos
Meán	**Sainmhíniú**	**Sonraí**
Meáin Chlóite/ Irisleabhair	Rothlú cóipe 1 as 5 **NÓ** % den chiorclaíocht iomlán (meastacháin nuair nach luaitear sonraí ABC).	Is ionann ciorclaíocht agus an líon eagrán a dhíoltar go laethúil/seachtainiúil/míosúil ag brath ar mhinicíocht an fhoilseacháin
Raidió	Rothlú cóipe 1 as 5 **NÓ** % den lucht éisteachta iomlán	% de mheán iomlán an lucht éisteachta (an líon éisteoiri a éisteann le stáisiún raidió ar leith) (m.sh. aimsiú seachtainiúil Radio Kerry = 89k)
Fuaim	Rothlú cóipe 1 as 5 **NÓ** % líon iomlán na rianta leathanaigh.	Fuaim Dhigiteach de réir % líon iomlán na rianta leathanaigh
Fógraíocht Lasmuigh	% de líon iomlán na Suíomhanna Lasmuigh	Líon iomlán na Suíomh Póstaer in áirithe don fheachtas

Méadrachtaí Tomhais (2)

Tomhas 20%	Tomhas	Cur Síos
Meán	**Sainmhíniú**	**Sonraí**
Pictiúrlanna	Rothlú cóipe 1 as 5 **NÓ** % de líon iomlán na gceadanna isteach	Ceadanna isteach ag pictiúrlanna
Teilifís	Rothlú cóipe 1 as 5 **NÓ** % de líon iomlán na bPointí Rátála Teilifíse	Pointí Rátála Teilifíse
Fís ar Éileamh	Rothlú cóipe 1 as 5 **NÓ** % líon iomlán na rianta	Is ionann rian agus taispeáint ar bith a dhéanann fograń/meán digiteach de chineál ar bith ar scáileán úsáideora.
Taispeántais Dhigiteacha	Rothlú cóipe 1 as 5 **NÓ** % líon iomlán na rianta	Is ionann rian agus taispeáint ar bith a dhéanann fograń/meán digiteach de chineál ar bith ar scáileán úsáideora.
Meáin Shóisialta	Rothlú cóipe 1 as 5 **NÓ** % líon iomlán na rianta	Is ionann rian agus taispeáint ar bith a dhéanann fograń/meán digiteach de chineál ar bith ar scáileán úsáideora.

Méadrachtaí Tomhais (3)
Caiteachas 5% ar na Meáin Ghaeilge

Meán	Caiteachas Iomlán don Bhliain	Caiteachas ar na Meáin Ghaeilge
Iomlán	(100%)	(5%)

Tuairisceoireacht Comhlachtaí Poiblí

- Iarrfar ar chomhlachtaí poiblí tuairisceán comhlíonta leictreonach a chomhlánú i leith an dualgais seo ag tráth nach déanaí ná an 10 Márta 2024 maidir le fógraíocht 2023.

- Áireofar taifead ar chur i gcrích cruthaitheach i nGaeilge ar mhaithe le géilliúlacht a mheas.

- Cé go mbeidh an t-iniúchadh bunaithe ar shonraí ó 2023, sa chás go gcuirfidh ball den phobal gearán faoi bhráid an Choimisinéara Teanga maidir le cur i bhfeidhm an dualgais reachtúil seo, féadfaidh an Oifig fiosrúchán comhlíonta a dhéanamh leis an gcomhlacht poiblí sin maidir le haon ghearán a dhéanfar ó 10 Deireadh Fómhair 2022.

Na Meáin Ghaeilge

- Gach meán ina bhfuil ar a laghad 50% den ábhar eagarthóireachta i Gaeilge, gan fógraíocht áirithe
- Tiocfaidh forbairt ar liosta de réir a chéile agus níl an liosta seo uileghabhálach
- Cuirfear nuashonruithe ar fáil de réir mar a bheidh siad ar fáil

Ardán	Meán
Teilifís	TG4
Raidió	RTÉ RnaG, Raidió na Life, Raidió Rí Rá
Ar líne	Tuairisc.ie, Nós.ie, Meoneile.ie, Molscéal, Bloc, Extra-G.ie, ÉireBheo.ie, OohGaeilge.com
Preas	Comhar, An Timire, Feasta, Seachtain

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **1. Cén aidhm atá ag alt 10A. (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí)?**
  Is foráil nua in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 é alt 10A. (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí), a chuireann dualgais bhreise ar chomhlachtaí poiblí maidir le cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal i dteangacha oifigiúla an Stáit. Leagann alt 10A. dualgais shonracha amach maidir le fógraíocht.

- **2. Cathain ar tháinig alt 10A. (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) in éifeacht?**

  Tháinig na forálacha uile a bhaineann le fógraíocht ag comhlachtaí poiblí faoi mar a fhoráiltear iad in alt 10A. in éifeacht ar an 10ú Deireadh Fómhair 2022. Tá dualgas ar gach comhlacht poiblí atá forordaithe faoin Acht, na forálacha uile a bhaineann le halt 10A. a chomhlíonadh ón data sin amach.

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **3. Céard atá i gceist leis an gceanglas 5% d'fhógraíocht sna meáin Ghaeilge?**

  Ní mór 5% den chaiteachas a dhéanann comhlacht poiblí ar fhógraíocht in aon bhliain faoi leith a bheith i nGaeilge ar mheáin Ghaeilge. Bunófar an tomhas ar 5% den bhuiséad iomlán fógraíochta íoctha a bheidh ag an gcomhlacht poiblí, in aon bhliain faoi leith.

- **4. An féidir costais léiriúcháin a áireamh mar chuid den chaiteachas bliantúil fógraíochta maidir leis na ceanglais 20% agus 5%?**

  Ní dhéanfar costais táirgthe a mheas chun an ceanglas 5% nó 20% a thomhas. Tagraíonn an sainmhíniú in alt 10A. d'fhógraíocht a dhéantar agus dá bhrí sin tá costais léiriúcháin eisiata ón sainmhíniú sa bhforáil.

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **5. Conas a dhéanfaidh Oifig an Choimisinéara Teanga measúnú ar chomhlíonadh na riachtanas 20% agus 5% faoi seach?**

  Cuirfidh Oifig an Choimisinéara Teanga teimpléad tuairiscithe ar fáil do chomhlachtaí poiblí a chuimseoidh na príomh-mhéadrachtaí chun comhlíonadh na riachtanas 5% agus 20% ag comhlachtaí poiblí a thomhas. Tá na méadrachtaí ábhartha sonraithe ar shleamhnáin uimh. 16-18 den chur i láthair seo agus cuimsíonn siad méadrachtaí a úsáideann comhlachtaí poiblí agus iad ag ceannach fógraíochta ar mheáin éagsúla.

- **6. An gá 20% + 5% a chaitheamh ar fhógraíocht nó an féidir leat 15% + 5% a dhéanamh, e.g., 15% ar fhógraí Gaeilge sna meáin Bhéarla agus ansin 5% sna meáin Ghaeilge?**

  Sea, maidir leis an dara cuid den cheist. Féadfaidh an ceanglas 20% an riachtanas caiteachais 5% ar fhógraíocht i nGaeilge trí na meáin Ghaeilge a chur san áireamh.

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **7. Áirítear roinnt scoileanna agus ionaid i gcomhlacht poiblí. m.sh., an gcuireann gach scoil a cuid sonraí féin isteach?**

  Ní mór do chomhlacht poiblí atá forordaithe faoin Acht fianaise a sholáthar ar chomhlíonadh na gceanglas 20% & 5% don chomhlacht poiblí ina iomláine, seachas ag leibhéal na bhfo-eintiteas aonair, e.g. Bord Oideachais agus Oiliúna freagrach as tuairisciú do na scoileanna uile faoina scáth.

- **8. I gcás na meán nach meáin Ghaeilge iad, má chuirtear fógra i nGaeilge ar mheán Béarla, an n-áireofar an fhógraíocht sin do cheanglas 20% an Chomhlachta Phoiblí?**

  Áireofar

Ceisteanna Coitianta (CC)

9. An bhfuil fáil ar liosta de na meáin Ghaeilge?

Tá an sainmhíniú dlíthiúil seo a leanas do na “meáin Ghaeilge” leagtha síos in alt 10A. d’Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021:

> *Ciallaíonn “meáin Ghaeilge” aon mheáin ina bhfuil 50 faoin gcéad nó níos mó d’ábhar na meán sin trí mheán na Gaeilge.*

Níor eisíodh aon treoirlínte reachtúla breise maidir leis an sainmhíniú thuasluaite atá leagtha síos sa reachtaíocht. Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (alt 21(e)) forordaítear don Choimisinéir Teanga mar fheidhm dá chuid comhairle a chur ar chomhlachtaí poiblí maidir le comhlíonadh a ndualgas faoin reachtaíocht.

Chuige sin tá liosta nach bhfuil uileghabhálach de na meáin Ghaeilge molta ag an Oifig seo chun cabhrú le comhlachtaí poiblí a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Tá an liosta reatha, mar atá léirithe ar **shleamhnán 20** anseo faoi réir athraithe leanúnaigh, agus féadfar meáin Ghaeilge eile a chur leis, lena n-áirítear meáin Ghaeilge nua, áitiúla agus réigiúnacha, de réir mar a chuirtear an fhoráil seo i bhfeidhm.

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **10. Cén uair a thosófar ar fhaireachán a dhéanamh ar alt 10A.?**

  Beidh dualgas ar chomhlachtaí poiblí forálacha uile alt 10A. a chomhlíonadh ó 10 Deireadh Fómhair, 2022. De bhreis air sin, iarrfaidh Oifig an Choimisinéara Teanga ar chomhlachtaí poiblí tuairisceán leictreonach géilliúlachta maidir le halt 10A. a chomhdú ag tráth nach déanaí ná an 10 Márta, 2024 i dtaca le fógraíocht 2023. Bainfear úsáid as an tuairisceán a gcuirfidh comhlachtaí poiblí faoi bhráid OCT mar bhunús tomhais chun géilliúlacht na gcomhlachtaí poiblí a mheas i leith a gcuid oibríochtaí fógraíochta le linn 2023.

- **11. Cén ábhar cruthaitheachta a chaithfidh muid a choinneáil le géilliúlacht a thaispeáint?**
- Caithfear “máistirchóip” ó gach meán, do gach feachtas – m.s. máistirchóip teilifíse, raidió, preasa & ardán dhigiteach - a choinneáil le meas ar a laghad go dtí Meitheamh 2024.

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **12. Cad a tharlóidh má theipeann ar chomhlachtaí poiblí na ceanglais a chomhlíonadh?**

  Leanfar de na nósanna imeachta seo a leanas sa reachtaíocht phríomha chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh agus le freagairt d'aon neamh-chomhlíonadh ó chomhlachtaí poiblí:

  • imscrúdú ar ghearán arna dhéanamh ag ball den phobal agus/nó faireachán ar chomhlíonadh arna dhéanamh ag Oifig an Choimisinéara Teanga

  • féadfar imscrúdú reachtúil a sheoladh, más gá

  • féadfar fionnachtana/moltaí a dhéanamh i dtuarascáil an imscrúdaithe reachtúil

  • má leantar de neamh-chomhlíonadh, féadfaidh an Coimisinéir Teanga tuarascáil faoi neamh-chomhlíonadh an chomhlachta phoiblí a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **13. Cé a leag amach na ceanglais 5% agus 20% in alt 10A.?**

  Shocraigh Tithe an Oireachtais go ndéanfaí na forálacha seo a chuimsiú in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021. Dá réir sin, shínigh an tUachtarán Mícheál D Ó hUigínn Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2019 ina dhlí ar an 22 Nollaig, 2021.

- **14. An féidir leis an 20% a bheith ina mheascán d'fhógraíocht "Íoctha" agus "faoi Úinéireacht"?**

  Is féidir, ar choinníoll gur féidir leis an gcomhlacht poiblí na sonraí maidir le gnóthú céatadáin (%) nó na rianta a gnóthaíodh ar na meáin "faoi úinéireacht" a léiriú.

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **15. An dtagann "fógraíocht íoctha" agus "fógraíocht faoi úinéireacht" faoi réir an cheanglais 20%?**

  Tagann fógraí "íoctha" a cheannaítear ón tríú páirtí agus fógraí a dhéantar ar mheáin "faoi úinéireacht" faoin gceanglas 20%, féach sleamhnán 10.

- **16. Cén fáth nach bhfuil "Post Díreach" luaite sna nótaí comhairleacha?**

  Tá reachtaíocht reatha (roimh theacht alt 10A) maidir le Post Díreach – alt 9(3), Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

- **17. An meastar gur fógraíocht 'íoctha' iad postálacha treisithe ar na meáin shóisialta?**

  Meastar. D'fhéadfadh sé, áfach, go bhfuil ábhar nach dtagann faoi anáil na reachtaíochta ach má chineann tú an t-ábhar a threisiú sna meáin shóisialta, athraíonn an t-ábhar ina fhógra agus tagann an chuid sin faoi anáil na reachtaíochta.

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **18. An dtagann ábhar faisnéiseach físe a léirítear nó a chruthaítear do chomhlachtaí poiblí agus a leabaítear ar na meáin shóisialta (suíomh gréasáin nó ardán tuíteála) faoi réir alt 10A.?**
  Ní thagann, ach amháin sa chás go bhfuil fógra cuimsithe ann.
  Tagann físeáin blaisíní/réamhfhógrach faoi anáil Alt 10A(2)(a)

- **19. An bhféadfaidh comhlachtaí poiblí fógraí Gaeilge a chraoladh ar mheáin/ardáin Bhéarla chun an ceanglas 20% a chomhlíonadh?**

  Féadfaidh.

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **20. An mbaineann an ceanglas 20% le fógraí uile comhlachta poiblí nó 20% de gach fógra faoi seach?**

  Baineann an ceanglas 20% le haschur foriomlán fógraíochta an chomhlachta phoiblí i mbliain ar leith.

  Níl sé inghlactha cuid d'fhógra ar leith a bheith, m.sh., 20% i nGaeilge, agus an 80% eile i mBéarla.

  Ba cheart cothroime a thabhairt do gach ceann de na teangacha oifigiúla, m.sh. faid chóipeanna comhchosúla don teilifís agus don raidió, méideanna comhchosúla le haghaidh cló agus agus ardáin shóisialta. Cibé acu a dhéantar an fógra i mBéarla nó i nGaeilge, ba chóir go mbeadh an teanga a úsáidtear ar ardchaighdeán.

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **21. An dtiocfaidh feachtais fógraíochta a ritear amuigh faoin aer thar ceann comhlachtaí poiblí faoi réir alt 10A.?**
  Tiocfaidh.

- **22. An bhféadfaidh comhlachtaí poiblí fógraí Gaeilge a chraoladh go comhleanúnach le fógraí Béarla ar mheáin/ardáin Bhéarla chun an ceanglas 20% a chomhlíonadh?**
  Féadfaidh.

- **23. I dtaca le halt 10A., an gceadófar do chomhlachtaí poiblí úsáid a bhaint as meáin áitiúla/réigiúnacha chun an ceanglas 20% a chomhlíonadh mura gceannaítear fógraíocht ar sheirbhísí náisiúnta teilifíse agus raidió?**
  Ceadófar.

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **24. An dtiocfaidh fógraí OGP/soláthair phoiblí faoi réir alt 10A.?**

  Tiocfaidh, más fógra é a fhoilsítear mar fhógraíocht.

- **25. An measfar gur fógraíocht iad fógraí soláthair phoiblí ar an gcóras ríomhthairisceana e-tenders, ag tagairt go sonrach do mhionchomórtais faoi réir creataí nach mbíonn rochtain phoiblí orthu?**

  Ní mheasfar.

- **26. An dtagann fógraí poiblí (a dhéantar mar fhógraíocht), e.g. fógraí pleanála, fógraí um thrácht ar bhóithre faoi réir alt 10A.?**

  Tiocfaidh fógraí pleanála agus fógraí um thrácht ar bhóithre arna n-eisiúint ag comhlachtaí poiblí faoi réir fho-alt 10A.2(b):

  'cumarsáid d'aon chineál leis an bpobal' i leith na nithe seo a leanas—

  (i) foireann a earcú,
  (ii) tionscnaimh reachtaíochta nó bheartais,
  (iii) talamh nó sócmhainní a cheannach nó a dhíol,
  (iv) seirbhísí a sholáthar, nó
  (v) comhchomhairliúchán poiblí;'

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **27. An gcomhlíonfaidh fógraíocht dhátheangach dualgas 20% na gcomhlachtaí poiblí?**

  Glacfar le dhá bhloc ar leith de théacs, ceann i nGaeilge agus ceann i mBéarla, a roinneann an t-eolas céanna, laistigh d'aon fhógra amháin. Níl sé inghlactha, áfach, sciar amháin d'fhógra , m.sh., 20% den téacs i nGaeilge, agus an 80% eile den téacs a bheith i mBéarla. Ba cheart cothroime a thabhairt do gach teanga oifigiúil, m.sh. faid chóipeanna comhchosúla don teilifís agus don raidió, méideanna comhchosúla do na meáin chlóite agus shóisialta. Bíodh an fógra i mBéarla nó i nGaeilge, ba chóir go mbeadh an teanga a úsáidtear ar ardchaighdeán.

- **28. An féidir 50% den chaiteachas ar fhógra mar seo thuas, a áireamh don cheanglas 20%?**

  Mar atá sonraithe thuas i gCeisteanna Choitianta uimh. 27, áit a bhfuil cuid amháin d'fhógra i nGaeilge agus an chuid eile den fhógra céanna i mBéarla ní ghlactar leis agus ní féidir é a áireamh don riachtanas 20%.

Ceisteanna Coitianta (CC)

29. An dtiteann fógraí seirbhíse poiblí faoin reachtaíocht?

Ní thiteann, fhad's go dtagann sé leis an tuiscint choitianta ar céard is fógra seirbhíse poiblí ann: "Fógra, cothrom le h-am a tharraingíonn aird an phobail ar ábhar baolach" – m.s. bóthar dúnta, trácht ar mhalairt treo de bharr timpiste, páirc spóirt dúnta. Má ritear an fógra ar meáin íoctha, cáillíonn an mhéid sin faoin bhforáil.

- **30. An gá go mbeadh an méid céanna téacs i nGaeilge agus i mBéarla ag irisleabhar iomlán arna fhoilsiú ag comhlacht poiblí?**

Ní gá, chun críche alt 10A. Mar sin féin, ní mór d'aon fhógraíocht san irisleabhar an ceanglas 20% a chomhlíonadh. Sa chás áfach go mbeadh comhlacht poiblí ag dáileadh an irisleabhair ar an bpobal i gcoitinne nó ar aicme den phobal i gcoitinne, m.sh., trí chor poist, ansin d'fhéadfadh sin teacht faoi réir alt 9(3) den Acht reatha.

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **31. An gcuimsítear cumarsáid mhargaíochta faoin Acht amhail ríomhphoist eolais/bholscaireachta, ailt fógraíochta, fógraí táirge nó seirbhíse nua?**

  Féach sleamhnáin uimh. 10 & 11.

- **32. An ann do chomhthéacs ar bith ina dtiocfadh caiteachas fógraíochta go hidirnáisiúnta faoi réir alt 10A.?**

  Ní mór do chomhlacht poiblí atá forordaithe faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla a bheith géilliúil don fhoráil. Ní dhéantar idirdhealú idir caiteachas náisiúnta agus idirnáisiúnta faoi réir alt 10A.

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **33. Céard atá i ndán do chonarthaí ilbhliantúla/fadtréimhseacha atá déanta cheana féin ag comhlachtaí poiblí le gníomhaireachtaí ceannaithe meán a d'fhágfadh go mbeadh sé dodhéanta comhlíonadh a dhéanamh leis na ceanglais 5% nó 20%?**

Ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí na forálacha nua in alt 10A. a chomhlíonadh agus moltar gach iarracht chuige sin a dhoiciméadú. Mar a luadh thuas, níl sé d'fheidhm ná de chumhacht ag an gCoimisinéir Teanga maolú a thairiscint d'aon chomhlacht poiblí ó dhualgas reachtúil ar bith a leagtar orthu sa reachtaíocht.

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **34. Má fhógraítear folúntas poist i nGaeilge, an mbeidh ar chomhlachtaí poiblí an próiseas earcaíochta/iarratais a reáchtáil i nGaeilge, cásanna-staidéir a reáchtáil i nGaeilge agus agallaimh a reáchtáil i nGaeilge?**

  Ní bheidh, mura mbeidh ceangaltas dá leithéid i scéim teanga an chomhlachta phoiblí a shonróidh go ndéanfar oibríochtaí earcaíochta a reáchtáil trí Ghaeilge dá réir.

  Is é an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a dheimhníonn scéimeanna teanga. Tiocfaidh caighdeáin teanga in áit scéimeanna teanga, mar a leagtar síos é in ailt 19a – 19d d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021. Mar sin féin, ach feidhm a bheith tugtha do chaighdeáin teanga, d'fhéadfadh dualgas a bheith ar chomhlacht poiblí nó catagóirí comhlachtaí poiblí roinnt feachtas poiblí earcaíochta a reáchtáil trí Ghaeilge.

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **35. An mbeidh sé riachtanach cáipéisí tacaíochta a bhaineann le fógraí Gaeilge a aistriú freisin? (m.sh. cáipéisí nach mbeidh mar chuid de théacs an fhógráin a roinnfear leis an bpobal)**

  Ní bheidh. Ina dhiaidh sin féin, d'fhéadfadh roinnt eisceachtaí teacht chun cinn, mar a luaitear in CC 34. Cuir i gcás, dá mbeadh ceangaltas scéime teanga ar chomhlacht poiblí go rithfí roinnt dá bhfeachtais earcaíochta i nGaeilge. Sa chás seo, d'fhéadfadh rochtain a bheith ag iarrthóirí ar cháipéisí tacaíochta nach roinnfí sna fógraí ach a thiocfadh mar sin féin faoi réir cheangaltas scéime teanga a bhí deimhnithe ag an Aire don chomhlacht poiblí. Faoin Acht nua, tiocfaidh caighdeáin teanga in áit scéimeanna teanga. Faoi réir alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, leanfar de na dualgais reatha atá ar chomhlachtaí poiblí doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach sna teangacha oifigiúla.

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **36. Má dhéanann comhlacht poiblí urraíocht ar fhógraíocht, m.sh., póstaer don tríú páirtí, an dtagann sin faoi scáth alt 10A?**

  Tagann, glactar le póstaer mar fhógra agus, sa chás seo, tá caiteachas ón gcomhlacht poiblí i gceist.

- **37. Céard é an difríocht idir fógra agus postálacha ábhair (ar na meáin shóisialta go háirithe)? Mar shampla, liosta d'imeachtaí i ngailearaí ealaíne?**

  Clúdaíonn sleamhnán 10 na bearta a thagann faoi fhógraíocht agus clúdaíonn sleamhnán 11 na bearta a thagann faoi ábhar (nach meastar gur fógraíocht é).

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **38. Céard is ábhar digiteach a ritear ar mheáin an chomhlachta phoiblí féin ann?**

  Mar shampla, ní mheastar gur ábhar fógraíochta é ábhar ar shuíomh gréasáin, ar nuachtlitir nó ar ardán meán sóisialta comhlachta phoiblí nach cuid d'fhógra é.

- **39. Ó thaobh ábhar meán sóisialta de, tráth a ndéantar é a phóstáil go horgánach ar chainéil faoi úinéireacht agus nach bhfuil CTA íoctha (cnaipí glaoch-chun-gnímh) i gceist nó go mbaineann caiteachas leis, ach CTA scríofa laistigh den phost nó de phíosa cruthaitheachta, an n-áirítear é seo?**

  Ní mheastar gur ábhar fógraíochta é an t-ábhar ar shuíomh gréasáin, ar nuachtlitir nó ar ardán meán sóisialta comhlachta phoiblí nach cuid d'fhógra é. Mar a shonraítear ar sleamhnán uimh. 11 thuas, ní thagann postálacha agus athphostálacha d'ábhar seachas d'fhógraí faoi scáth na forála seo. Mar sin féin, má thagann fógra ón gcnaipe glaoch-chun-gnímh, thiocfadh sé faoi scáth alt 10A.

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **40. An bhfuil díolúine ag físeáin ón gceanglas “cumarsáid d’aon chineál leis an bpobal" 10A 2(b)?**

  Bhraithfeadh sé ar an ábhar seachas fógraíocht atá sna físeáin atá i gceist, mar a shainítear ar shleamhnáin 11 & 12 thuas. Féach CC #18 freisin.

- **41. An gclúdaíonn alt 10A. Taifeadtaí Gutha Idirghníomhacha (IVRs) i nGaeilge?**

  Ní áirítear Taifeadtaí Gutha Idirghníomhacha (IVRs) mar chumarsáid chun críche fógraíochta.

FAQ

- **42. An aimsiú 20% den lucht éisteachta nó 20% den chaiteachas ar na meáin atá i gceist chun críche an cheanglais faoi alt 10A. a thomhas?**

  Tá na méadrachtaí chun comhlíonadh an cheanglais 20% a thomhas, de réir na meán éagsúla, leagtha amach ar shleamhnáin 16 & 18 thuas.

- **43. An gcuirfear buiséad breise ar fáil do chomhlachtaí poiblí le haghaidh na gcostas aistriúcháin, a eascróidh ó alt 10A.?**

  Ní thagann an t-ábhar seo faoi raon feidhme na reachtaíochta seo.

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **44. Níl aon limistéar Gaeltachta sa dlínse thíreolaíoch a bhfeidhmíonn comhlacht poiblí s'againne inti. An bhfuil dualgas ar an gcomhlacht poiblí s'againne na ceanglais 5% agus 20% a chomhlíonadh?**

  Tá, ní mór do na comhlachtaí poiblí uile na forálacha a leagtar síos in alt 10A. a chomhlíonadh.

- **45. An féidir fuaimrian le liricí i mBéarla a úsáid ar fhógraí teilifíse/raidió?**

  Is féidir fad agus nach bhfuil na liricí ag "tiomáint" na teachtaireachta sa bhfógra (ag insint an scéil) agus gur mar chúlra atá siad. Má tá siad ag insint an scéil afach, ní chailleoidh an fógra faoi 10A. Agus OCT tuisceanach ar an gcostas léiriúchain a bhaineann lena leithéid d'fhógraí a tháirgeadh, táimí sásta réamh-bhreithiúnas a thabhairt i gcás éiginnteachta.

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **46. Céard is cumarsáid branda ar mhaoin faoi úinéireachta ann - (veain, foirgnimh, cultacha comhlachta) - fógraí nó ábhar?**

  I bhformhór mór cásanna, meastar gur ábhar atá ann – cosúil le hábhar a bheadh ar shuíomh gréasáin an chomhlachta. Má tharlaíonn sé, afach, go ndíolann an comhlacht an spás sin le 3ú páirtí, glacann sé samhail na Fógraíochta m.s. comhlachtaí bus/traenach a dhíolann caráistí/feithiclí mar fhógraíocht.

- **47. Cén fheidhm atá ag an gCoimisinéir Teanga maidir le comhairle a chur ar chomhlachtaí poiblí i dtaobh alt 10A.?**

  Leagtar síos in alt 21(e) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, go bhfuil i measc fheidhmeanna an Choimisinéara Teanga: *'Comhairle nó cúnamh eile a sholáthar, de réir mar is cuí leis nó léi, do chomhlachtaí poiblí maidir lena n-oibleagáidí faoin Acht seo.'*

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **48. Céard iad feidhmeanna an Choimisinéara Teanga maidir le comhlíonadh comhlachtaí poiblí le halt 10A. a chinntiú?**

  Leagtar síos feidhmeanna an Choimisinéara Teanga mar seo a leanas in ailt 21 (a), (b) & (c) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003:

a.21 (a) - *'faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an Achta seo ag comhlachtaí poiblí'* –

a.21 (b) – *'gach beart riachtanach atá faoi réim a údaráis nó a húdaráis a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh comhlachtaí poiblí forálacha an Achta seo'*

Ceisteanna Coitianta (CC)

CC 48 ar lean

a.21 (c) - *'imscrúduithe a dhéanamh, cibé acu ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh féin, ar iarraidh ón Aire nó de bhun gearán a bheidh déanta leis nó léi ag aon duine, maidir le haon mhainneachtain ag comhlacht poiblí forálacha an Achta seo a chomhlíonadh, ar mainneachtain í ar dóigh leis nó léi nó, de réir mar is cuí, leis an Aire, gur féidir gur tharla sin.'*

a. 26 (5):

Más rud é, laistigh de thréimhse ama réasúnach tar éis tuarascáil a bhfuil moltaí inti a chur faoi bhráid comhlachta phoiblí faoi fho- alt (2), nach mbeidh, i dtuairim an Choimisinéara, aon chuid de na moltaí atá sa tuarascáil curtha i ngníomh ag an gcomhlacht sin, féadfaidh an Coimisinéir, tar éis aon fhreagraí a bhreithniú a bheidh tugtha ag an gcomhlacht poiblí dó nó di i leith na moltaí sin, tuarascáil a thabhairt do gach Teach den Oireachtas maidir leis an gcéanna.

Ceisteanna Coitianta (CC)

- **49. Bíonn go leor ócáidí “aon uaire” againn i gcaitheamh na bliana agus fógraíocht dá réir: an gá gach fógra a thuairisciú mar shainfheachtas fógraíochta?**

  Is féidir cur síos ginearálta a dhéanamh ar fhógraí “aon uaire” faoi théarmaí ginearálta amhail “Fógraí Éagsúla 2023” nó “Fógraíocht Imeachtaí 2023”. Is féidir úsáid a bhaint as cibé cur síos nó teideal feachtais is oiriúnaí, chomh fada agus a dhéantar tuairisciú ar líon foriomlán na bhfógraí agus coibhnis/rianta gaolmhara.

- 50. **Maidir le feachtais dhigiteacha, an gá dom tuairisciú a dhéanamh ar theagmhálacha agus aimsiú?**

  Ní spéis linn ach na “rianta” arb ionann iad agus líon na n-uaireanta a dtaispeántar an fhógraíocht. Ní gá tuairiscí ar theagmhálacha agus aimsiú a chur ar fáil sa tuairisciú a dhéantar le OCT.

An Coimisinéir Teanga

An Spidéal, Co na Gaillimhe. H91VK23

eolas@coimisineir.ie